An Roinn
Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Department of
Employment Affairs and Social Protection

Bileog Fíricí na Cáinaisnéise

Na Príomhathruithe Leasa Shóisialaigh agus na Rátaí Íocaíochta

€20 billiún le caitheamh sa bhliain 2018 do 2 mhilliún tairbhí

Cáinaisnéis 2018 – An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Méadú €5 ar ráta uasta na n-íocaíochtaí seachtainiúla go léir, mar shampla, pinsinéirí, tuismitheoirí aonair, cuardaitheoirí poist, cúramóirí, daoine faoi mhíchumas, baintreacha - 1.47 milliún tairbhí

Méadú €5 do chuardaitheoirí poist faoi bhun 26 bliana d'aois ar ráta laghdaithe íocaíochta

Méaduithe comhréireacha do dhaoine ar rátaí laghdaithe íocaíochta agus do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad

Méadú €2 ar na híocaíochtaí seachtainiúla go léir do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad – 400,000 leanbh

Neamhaird ioncaim do thuismitheoirí aonair i bhfostaíocht méadaithe de €20 go €130 in aghaidh na seachtaine

Tairseacha Íocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht (ar a dtugtaí Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh tráth) méadaithe de €10 in aghaidh na seachtaine do theaghlaigh ina bhfuil 1, 2 nó 3 leanbh

Leanfaidh an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair ar aghaidh sa bhliain 2018

Méadaíonn an Pá Íosta Náisiúnta go €9.55 in aghaidh na huaire - tairbheoidh 155,000 fostaí de seo

Seachtain bhreise den Liúntas Breosla (go 27 seachtaine) – tairbheoidh 375,000 líon tí de seo

Liúntas Nua um Thacaíocht Ghutháin do 124,000 duine a chónaíonn ina n-aonar

Scéim Nua um Thacaíocht Fostaíochta don Aos Óg ar mhaithe le hógchuardaitheoirí poist

Dreasacht Bhreisithe Earcaíochta JobsPlus chun oibrithe scothaosta a fhostú

Íocfar Bónas na Nollag 85% i dtosach Mhí na Nollag le 1.2 milliún faighteoir

250 áit sa bhreis i leith Scéim Shóisialta na Tuaithe

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan seiceáil le **www.welfare.ie** agus **www.citizensinformation.ie**. Cuir glao gutháin ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar 071 919 3302 nó 1890 66 22 44* ó 9 r.n. go 5 i.n., Luan go hAoine. Cuir glao gutháin ar an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000, 9 r.n. - 8 i.n., Luan go hAoine. Déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil áitiúil nó d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Is mar threoir amháin atá an Bhileog Fíricí seo agus ní fhéachtar le léirmhíniú dleathach a sholáthar ann.

**Féadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as uimhreacha 1890 (Íosghlao). Féadfaidh na rátaí seo a bheith i bhfad níos airde i measc soláthraithe líonraí do ghutháin phóca.*

Feabhsuithe do Phinsinéirí

- Méadú €5 ar íocaíochtaí seachtainiúla uasta na bpinsean go léir, lena n-áirítear Pinsean Stáit (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach), Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh agus Pinsean Míthreorach maille le méaduithe comhréireacha dóibh siúd ar rátaí laghdaithe íocaíochta – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Méaduithe comhréireacha ar íocaíochtaí seachtainiúla do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad - ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Íocfar Liúntas seachtainiúil nua um Thacaíocht Ghutháin €2.50 ó Mheitheamh 2018, le daoine a fhaigheann an Liúntas um Chónaí Aonair, faoi réir na gcoinníollacha intofachta céanna agus a bhaineann le híocaíocht an Liúntais Bhreosla.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 27 seachtaine sa bhliain 2018, sínte ó 26 seachtaine.
- Tá €10 milliún sa bhreis á chur ar fáil i leith Scéim an tSaorthaistil sa bhliain 2018, rud a mhéadóidh an maoiniú go €90 milliún.

Feabhsuithe ar Íocaíochtaí Seachtainiúla

- Méadú €5 ar gach sochar seachtainiúil agus gach liúntas seachtainiúil, lena n-áirítear Sochar Máithreachais/ Atharthachta/Uchtaíoch, Sochar Breoiteachta, Pinsean na nDall, Sochar Cúramóra, Liúntas Cúramóra, Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Cuardaitheora Poist agus Cúnamh Feirme maille le méaduithe comhréireacha do dhaoine a fhaigheann rátaí laghdaithe íocaíochta. Áirítear leis seo méaduithe ar chláir fostaíochta amhail Fostaíocht Phobail (FP/CE), TÚS agus Scéim Shóisialta na Tuaithe – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Gheobhaidh cuardaitheoirí poist faoi bhun 26 bliana d'aois agus ar ráta laghdaithe íocaíochta méadú €5 in aghaidh na seachtaine – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Méaduithe comhréireacha ar íocaíochtaí seachtainiúla do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Méadú €2 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Íocfar Liúntas seachtainiúil nua um Thacaíocht Ghutháin €2.50 ó Mheitheamh 2018, le daoine a fhaigheann an Liúntas um Chónaí Aonair, faoi réir na gcoinníollacha intofachta céanna agus a bhaineann le híocaíocht an Liúntais Bhreosla.

Tacú le Teaghlaigh agus Leanaí

- Méadú €5 ar gach íocaíocht sheachtainiúil aoise oibre, lena n-áirítear Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist, Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus Sochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaíoch – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Méadú €2 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Neamhaird ioncaim do thuismitheoirí aonair a fhaigheann Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist le méadú de €20 go €130 in aghaidh na seachtaine.
- Tairseach Íocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht (ar a dtugtaí tráth Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh – FIT/FIS) le méadú de €10 in aghaidh na seachtaine do theaghlaigh ina bhfuil 1, 2 nó 3 leanbh – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Sochar Máithreachais le síneadh chun tacú le máithreacha leanaí réamhaibí (a bheirtear ar 1 Deireadh Fómhair 2017 nó ina dhiaidh sin).
- Maoiniú €54 mhilliún do Bhéilí Scoile sa bhliain 2018, méadaithe ó €47.5 milliún sa bhliain 2017. Tairbheoidh tuairim agus 18,400 leanbh sa bhreis agus 80 scoil DEIS nuashainithe de seo ó Mheán Fómhair 2018.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 27 seachtaine sa bhliain 2018, sínte ó 26 seachtaine.

Tacaí do Chuardaitheoirí Poist agus Tacaí Fostaíochta

- Méadóidh an Pá Íosta Náisiúnta ó €9.25 in aghaidh na huaire go €9.55 in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1 Eanáir 2018.
- Méadú €5 ar gach íocaíocht chuardaitheora poist – Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Cuardaitheora Poist, Cúnamh Feirme agus Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair agus cláir fostaíochta amhail Fostaíocht Phobail (FP/CE), TÚS agus

Scéim Shóisialta na Tuaithe.

- Méadú €5 do Chuardaitheoirí Poist faoi bhun 26 bliana d'aois a fhaigheann ráta laghdaithe íocaíochta – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Tairseach Íocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht (ar a dtugtaí tráth Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh – FIT/FIS) le méadú de €10 in aghaidh na seachtaine do theaghlaigh ina bhfuil 1, 2 nó 3 leanbh – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Scéim um Thacaíocht Fostaíochta don Aos Óg – agus í ag cur béime ar chabhair a thabhairt d'ógchuardaitheoirí fadtréimhseacha poist ó thaobh filleadh ar obair – le tabhairt isteach sa bhliain 2018.
- Leanfaidh an Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair ar aghaidh sa bhliain 2018. Tairbhíonn 8,155 theaghlach, agus 16,500 leanbh san áireamh, den tacaíocht seo faoi láthair. Thairis sin, tairbheoidh na teaghlaigh seo den mhéadú €2 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í.
- Breisiú ar an scéim JobsPlus chun tacú le hoibrithe atá 50 bliain d'aois nó níos sine fostaíocht a ghlacadh ar láimh. Gheobhaidh fostóirí fóirdheontas €10,000 chun aon duine dífhostaithe le fada agus os cionn 50 bliain d'aois a fhostú.

Tacú le Cúramóirí agus Daoine faoi Mhíchumas

- Méadú €5 ar an ráta seachtainiúil uasta den Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, Sochar Míchumais, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais agus Pinsean Easláine – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Méadú €2 do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Leanfaidh an Deontas Tacaíochta Cúramóra €1,700 de bheith á íoc i leith gach duine dá dtugtar aire.
- Íocfar Liúntas seachtainiúil nua um Thacaíocht Ghutháin €2.50 ó Mheitheamh 2018, le daoine a fhaigheann an Liúntas um Chónaí Aonair, faoi réir na gcoinníollacha intofachta céanna agus a bhaineann le híocaíocht an Liúntais Bhreosla.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 27 seachtaine sa bhliain 2018, sínte ó 26 seachtaine.
- Tá €10 milliún sa bhreis á chur ar fáil i leith Scéim an tSaorthaistil sa bhliain 2018, rud a mhéadóidh an maoiniú go €90 milliún.

Éire faoin Tuath

- Scéim Shóisialta na Tuaithe – 250 áit sa bhreis sa bhliain 2018, rud a mheadóidh an líon foriomlán go 3,350.
- Méadú €5 ar an ráta seachtainiúil uasta den Chúnamh Feirme, maille le méaduithe comhréireacha do chleithiúnaithe ar daoine fásta iad – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Méadú €2 ar an ráta seachtainiúil uasta den Chúnamh Feirme do gach cleithiúnaí ar leanbh cáilithe é/í – ón tseachtain dar tús 26 Márta 2018.
- Íocfar Liúntas seachtainiúil nua um Thacaíocht Ghutháin €2.50 ó Mheitheamh 2018, le daoine a fhaigheann an Liúntas um Chónaí Aonair, faoi réir na gcoinníollacha intofachta céanna agus a bhaineann le híocaíocht an Liúntais Bhreosla.
- Íocfar Liúntas Seachtainiúil Breosla €22.50 ar feadh 27 seachtaine sa bhliain 2018, sínte ó 26 seachtaine.

Íocfar Bónas na Nollag le 1.2 milliún duine i mbliana

Íocfar €219 milliún le faighteoirí fadtréimhseacha leasa shóisialaigh i Mí na Nollag 2017

Íocfar Bónas na Nollag 85% i Mí na Nollag le faighteoirí íocaíochta fadtréimhsí Leasa Shóisialaigh (íocaíocht íosta €20).

Gheobhaidh na daoine a fhaigheann na híocaíochtaí seo a leanas an Bónas:

- Pinsin Stáit agus Pinsin Bhaintrí/ Bhaintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
- Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais, Liúntas Cúramóra, Liúntas Cúraim Bhaile agus Íocaíochtaí Caomhnóra.
- Liúntas Fadtréimhseach Cuardaitheora Poist, Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Sochar agus Liúntas do Bhanchéile Tréigthe agus Cúnamh Feirme.
- Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Fostaíocht Phobail, Scéim Shóisialta na Tuaithe, TÚS, Tairseach/Gateway agus Tionscnamh Post.

Rátaí Seachtainiúla Uasta Tabhair faoi deara: Is í an tseachtain dar tús 26 Márta 2018 dáta tosaigh na méaduithe ar na rátaí	Ráta Pearsanta		Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe		Méadú do Leanbh Cáilithe	
Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh	**2017**	**2018**	**2017**	**2018**	**2017**	**2018**
Pinsean Stáit (Ranníocach)	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**
- Faoi bhun 80 Bliain d'Aois	238.30	243.30	158.80*	162.10*		31.80
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	248.30	253.30	213.50**	218.00**	29.80	31.80
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)/Sochar do Bhanchéile Tréigthe						
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois	198.50	203.50				
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois	238.30	243.30				
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	248.30	253.30			29.80	31.80
Pinsean Easláine	198.50	203.50	141.70	145.30	29.80	31.80
Liúntas um Thacaíocht Ghutháin	2.50 in aghaidh na seachtaine le héifeacht ó Mheitheamh 2018					
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail	210.00	215.00			29.80	31.80
Sochar Míthreorach	224.00	229.00				
Sochar Cuardaitheora Poist/Breoiteachta/Sláinte & Sábháilteachta/Díobhála	193.00	198.00	128.10	131.40	29.80	31.80
Sochar Máithreachais/Uchtaíoch/Atharthachta	235.00	240.00				
Sochar Báis						
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois	223.50	228.50			29.80	31.80
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois	242.70	247.70			29.80	31.80
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	252.70	257.70			29.80	31.80

Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh					
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)					
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois	227.00	232.00	150.00	153.30	31.80
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine	237.00	242.00			31.80
Liúntas um Thacaíocht Ghutháin	2.50 in aghaidh na seachtaine le héifeacht ó Mheitheamh 2018				
Liúntas Cúramóra					
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois	209.00	214.00			31.80
- 66 Bliana d'Aois agus níos sine	247.00	252.00			31.80
Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall	193.00	198.00	128.10	131.40	31.80
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	193.00	198.00			
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	193.00	198.00			31.80
Liúntas Réamhscoir/ Liúntas do Bhanchéile Tréigthe	193.00	198.00	128.10	131.40	31.80
Liúntas Cuardaitheora Poist – 26 bliana d'aois nó níos sine	193.00	198.00	128.10	131.40	31.80
- 25 Bliana d'Aois	147.80	152.80	128.10	131.40	31.80
- 18-24 de Bhlianta d'Aois	102.70	107.70	102.70	107.70	31.80
Liúntas Forlíontach Leasa - 26 bliana d'aois nó níos sine	191.00	196.00	128.10	131.40	31.80
- 25 Bliana d'Aois	147.80	152.80	128.10	131.40	
- 18 -24 de Bhlianta d'Aois	102.70	107.70	102.70	107.70	
Cúnamh Feirme	193.00	198.00	128.10	131.40	31.80

*** Dóibh siúd atá faoi bhun 66 bliana d'aois ** Dóibh siúd atá 66 bliana d'aois nó níos sine**

Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht (ar a dtugtaí FIS/FIT tráth)		
Líon an Teaghlaigh	**Teorainn Ioncaim 2017**	**Teorainn Ioncaim 2018**
1 leanbh	€511	€521
2 leanbh	€612	€622
3 leanbh	€713	€723
4 leanbh	€834	€834
5 leanbh	€960	€960
6 leanbh	€1,076	€1,076
7 leanbh	€1,212	€1,212
8 leanbh nó níos mó	€1,308	€1,308

Leanfar de leibhéal na hÍocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht a bhunú ar 60% den easnamh idir glanioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus tairseach sheachtainiúil infheidhmithe an teaghlaigh.

Sochar Linbh		
	Ráta 2017	**Ráta 2018**
Ráta Míosúil	€140 in aghaidh an linbh	€140 in aghaidh an linbh

Cúplaí – Íoctar Sochar Linbh ar oiread go leith (150%) den ghnáthráta míosúil do gach leanbh.
Gach ilbhreith eile – Íoctar Sochar Linbh ar a dhá oiread (200%) den ghnáthráta míosúil do gach leanbh.

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile

	2017 gach seachtain	**2018 gach seachtain**
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	€176.00	€181.00
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	€176.00	€181.00
Liúntas Breosla (Séasúr Breosla sa bhliain 2018 ar feadh 27 seachtaine)	€22.50	€22.50

	2017 gach mí	**2018 gach mí**
Liúntas Cúraim Bhaile	€309.50	309.50

	2017 sa bhliain	**2018 sa bhliain**
Deontas Tacaíochta Cúramóra	€1,700	€1,700

	2017 Íocaíocht aonuaire	**2018 Íocaíocht aonuaire**
Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	€6,000	€6,000